



comhar caomhán teoranta
Inis Oírr, Árann, Cuan na Gaillimhe.

Folúntas i gComhar Caomhán Teo.

Bainisteoir Forbartha & Gnó

Tá folúntas fógartha do Bhainisteoir Forbartha agus Gnó chun plean forbartha Chomhar Caomhán Teo a chur i bhfeidhm. Beidh an post seo lánaimseartha agus lonnaithe in oifigí Chomhar Caomhán Teo. in Inis Oírr. Beidh ar an té a cheapfar an post a chomhlíonadh ón oifig seo le linn uaireanta oifige ón Luan go dtí an Aoine. Beidh an bainisteoir freagrach do choiste Chomhar Caomhán Teo.

Tá an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí agus ní cur síos iomlán é.

Tuarastal: €40,000-€50,000 ag brath ar thaithí agus ar cháilíochtaí.

Chun cur isteach ar an bpost, líon amach cóip den fhoirm iarratais (ar fáil le híoslódáil [anseo](#)) agus seol trí ríomhphost é chuig bainisteoir@discoverinisoirr.com agus “Iarratas poist” sa líne ábhair.

Spríodhata: 5 p.m. ar an 12 Bealtaine 2025.

Seoladh poist:

Comhar Caomhán Teo,

Inis Oírr, Oileáin Árann,

Co. na Gaillimhe, H91D27X.

Ríomhphost: info@discoverinisoirr.com